Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 11

# Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith a riar Oifig an Aire agus le deontais ar leith a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €3.148 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, leis an gcreat nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú an lucht bainistíochta agus le hiniúchóireacht inmheánach.

*Seirbhísí comhroinnte*

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceangaltais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar an litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn.

*Timpeallacht rialaithe airgeadais*

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 11.
- Tá nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

*Rialuithe riaracháin agus tuairisciú an lucht bainistíochta*

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta an lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- córas bainistíochta riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistíochta tionscadail.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí air, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithním an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ó am go ham i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Comhlíonadh soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, rud lena n-aithnítear na príomhrioscaí roimh an Roinn agus déantar iad a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil.Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí ar rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá le rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh maidir le rialú a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcásanna ábhartha. Deimhním gur aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach a bhfuil freagracht orthu as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2021 ba chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

***Saincheisteanna rialála Covid-19***

Cuireadh beartais leanúnachais gnó i bhfeidhm chun déileáil le tionchar Covid-19, agus chabhraigh sé sin leis an Roinn leanúint le bheith lánoibríochtúil le linn 2021.

I ngeall ar chineál déabhlóidithe an bhuiséadaithe laistigh den Roinn í féin, ar sheachfhoinsiú na cuntasaíochta feidhmí chuig an Roinn Airgeadais agus an phárolla chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus i ngeall ar chórais TF lenar cuireadh ar chumas na Roinne obair go lánchianda ó dheireadh mhí an Mhárta 2020 amach, is beag tionchar a bhí ag an bpaindéim ar thimpeallacht rialaithe airgeadais na Roinne.

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

23 Márta 2022

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguis ín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le hOifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

#### *Íocaíocht costas eadrána*

Tagraím do Nóta 6.3 den chuntas leithreasa, ina nochtar gur íoc an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe €460,000 le soláthraí i socraíocht imeachtaí eadrána. I gCaibidil 3 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, tugtar tuilleadh faisnéise faoin íocaíocht sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Iúil 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear ar an iniúchóir faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinneadh thar mo cheann, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í

# Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Caiteachas poiblí agus beartas earnálach | 21,298 | 21,119 | 19,618 |
| B | Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí | 23,651 | 21,359 | 22,102 |
| **Ollchaiteachas** | | **44,949** | **42,478** | **41,720** |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **2,275** | **2,952** | **3,062** |
| **Glanchaiteachas** | | **42,674** | **39,526** | **38,658** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm le géilleadh don Státchiste.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **3,148,074** | **4,232,708** |

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

23 Márta 20

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 16,646 | 16,023 |
| Pá | | 24,695 | 24,226 |
| Neamhphá | | 1,137 | 1,471 |
| **Ollchaiteachas** | | **42,478** | **41,720** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2,952** | **3,062** |
| **Glanchaiteachas** | | **39,526** | **38,658** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (4) | | |
| Dímheas | 255 | 251 | (169) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 119 | | |
| Méadú ar stoc deiridh | (9) | | |
| | | 110 | 3,399 |
| **Caiteachas díreach** | | **39,887** | **41,888** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 9,303 | 7,368 |
| Measchíosanna | | 2,512 | 2,449 |
| **Glanchostas clár** | | **51,702** | **51,705** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 | Airgeadas | 942 | 995 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 6,224 | 4,065 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,583 | 1,643 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 42 | 48 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 512 | 617 |
| | | **9,303** | **7,368** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 2,045 | 2,308 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 806 | 1,385 |
| Stoic | 2.2 | 26 | 17 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 58 | 67 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 337 | 448 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 10 | 65 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,237** | **1,982** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 139 | 186 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 1,024 | 1,270 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | (160) | 182 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,003** | **1,638** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 234 | 344 |
| **Glansócmhainní** | | **2,279** | **2,652** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.8 | **2,279** | **2,652** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 4,783 | 15 | 2 | 100 | 4,900 |
| Breiseanna | — | — | — | 4 | 4 |
| Coigeartú [a] | (32) | (15) | (2) | — | (49) |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a cuireadh chun seirbhíse | 104 | — | — | (104) | — |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 4,855 | — | — | — | 4,855 |
| | | | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 2,586 | 4 | 2 | — | 2,592 |
| Coigeartú | (31) | (4) | (2) | — | (37) |
| Dímheas don bhliain | 255 | — | — | — | 255 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | — | — | — |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 2,810 | — | — | — | 2,810 |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **2,045** | — | — | — | **2,045** |
| | | | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 2,197 | 11 | — | 100 | 2,308 |

Nóta [a] Baineann an coigeartú seo le nithe aonair dar luach €10,000 a bhaint den chlár sócmhainní. Tá na sócmhainní sin in úsáid fós.

## 2.2 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 18 | 9 |
| Ábhair inchaite TF | 8 | 8 |
| | **26** | **17** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scéim pasanna taistil in-fhorchúitithe | 28 | 35 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 30 | 32 |
| | **58** | **67** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais TF | 126 | 161 |
| Táillí oideachais | 120 | 45 |
| Institiúidí idirnáisiúnta | 55 | 206 |
| Síntiúis | 27 | 28 |
| Árachas | 8 | 8 |
| Ilghnéitheach | 1 | — |
| | **337** | **448** |

## 2.5 Ioncam Fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta | 10 | 9 |
| An Foras Riaracháin – ranníocaíochtaí aoisliúntais breise | — | 56 |
| | **10** | **65** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 495 | 486 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 224 | 217 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 13 | 26 |
| Cáin bhreisluacha | 15 | 24 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 83 | 80 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 2 | 2 |
| | 832 | 835 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 83 | 104 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 109 | 331 |
| | **1,024** | **1,270** |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 3,148 | 4,233 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (3,308) | (4,051) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(160)** | **182** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 806 | 1,385 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 58 | 67 |
| | 864 | 1,452 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (832) | (835) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (192) | (435) |
| | (1,024) | (1,270) |
| | **(160)** | **182** |

## 2.8 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 2,652 | 13,426 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 42,674 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (3,148) | | |
| Glanvóta | | | 39,526 | 38,658 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | | | 9,303 | 7,368 |
| Míreanna neamhairgid – coigeartú sócmhainní caipitil | | | (12) | (7,544) |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | | | 2,512 | 2,449 |
| Glanchostas clár | | | (51,702) | (51,705) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **2,279** | **2,652** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana | **—** | **7** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a leithdháileadh ar fud na gclár, chun costais iomlána clár a léiriú.

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 25,168 | 24,695 | 24,227 |
| ii | Taisteal agus cothú | 185 | 60 | 104 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 887 | 856 | 842 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 22 | 17 | 14 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 327 | 57 | 190 |
| vi | Costais áitribh oifige | 313 | 147 | 321 |
| | | **26,902** | **25,832** | **25,698** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin: €185,000; toradh: €60,000*

Tharla an gannchaiteachas €125,000 ar thaisteal agus cothú i ngeall ar shrianta taistil le linn phaindéim Covid-19.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin: €327,000; toradh: €57,000*

Tharla an laghdú €270,000 ar chaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha i ngeall, den chuid is mó, ar mhoill ar an soláthar a beartaíodh ar chóras TF don bhainistiú othar do Phríomhoifigeach Leighis na Státseirbhíse.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin: €313,000; toradh: €147,000*

Tharla an coigilteas €166,000 de chaiteachas ar áitribh oifige i ngeall, den chuid is mó, nach bhfuarthas áitreabh nua do sheomraí ranga One Learning.

## Clár A Caiteachais Phoiblí agus Polasaí Earnálach

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 11,010 | 11,186 | 10,745 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 609 | 502 | 592 |
| A.3 | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Shóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta | 3,000 | 3,000 | 2,775 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 1,370 | 1,023 | 1,115 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 670 | 669 | 650 |
| A.6 | Cláir Chomhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas | 2,300 | 2,283 | 2,112 |
| A.7 | INTERREG na hÉireann/na Breataine Bige agus INTERREG Trasnáisiúnta | 150 | 150 | 149 |
| A.8 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 269 | 687 | 140 |
| A.9 | Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne | 1,150 | 1,410 | 1,168 |
| A.10 | Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann | 270 | 193 | 172 |
| A.11 | Tacaíocht nuálaíochta tógála | 500 | 16 | — |
| | | **21,298** | **21,119** | **19,618** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 25% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €179,000 ní b'ísle ná mar a soláthraíodh.

**A.4 Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile**

*Soláthar meastacháin: €1.37 milliún; toradh: €1.023 milliún*

Tharla an coigilteas €347,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar mhoill ar thús a chur le roinnt tionscadal tacaíochta cúnaimh theicniúil.

**A.8 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile**

*Soláthar meastacháin: €269,000; toradh: €687,000*

Tharla an róchaiteachas €418,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall, den chuid is mó, ar an toradh ar phróiseas eadrána le soláthraí.

**A.9 Maoiniú do phinsin do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne**

*Soláthar meastacháin: €1.15 milliún; toradh: €1.41milliún*

Tharla an róchaiteachas €260,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar scor roinnt fostaithe nach ndearnadh a thuar tráth a rinneadh na Meastacháin Athbhreithnithe go mall sa bhliain 2020.

**A.11 Tacaíocht nuálaíochta tógála**

*Soláthar meastacháin: €500,000; toradh: €16,000*

Tharla an coigilteas €484,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nach ndearnadh dóthain dul chun cinn ar an gclár oibre riachtanach in 2021 sa chaoi go mbeifí ábalta an cistiú a bhronnadh ar iarrthóir oiriúnach trí chomórtas oscailte.

## Clár B Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 14,158 | 13,508 | 13,482 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 1,125 | 635 | 879 |
| B.3 | An Foras Riaracháin | 2,725 | 2,725 | 2,725 |
| B.4 | Nós imeachta eadrána agus achomhairc no státseirbhíse | 42 | 37 | 33 |
| B.5 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 275 | 138 | 137 |
| B.6 | Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí | 900 | 746 | 933 |
| B.7 | Clár oibre athchóirithe | 648 | 603 | 923 |
| B.8 | Seirbhís chomhroinnte oifigeach cúnaimh d'fhostaithe | 1,448 | 1,320 | 1,346 |
| B.9 | Tacaíocht don socrú faoin bpá poiblí | 100 | 36 | 17 |
| B.10 | Clár foghlama agus forbartha don státseirbhís | 860 | 457 | 448 |
| B.11 | Tionscadal riaracháin na scéime pinsean seirbhíse poiblí aonair | 200 | 34 | 9 |
| B.12 | Cur i bhfeidhm an Achta um Nochtadh Cosanta | 220 | 220 | 220 |
| B.13 | Tionscadal sonraí na hearnála neamhbhrabúis | 950 | 900 | 950 |
| | | **23,651** | **21,359** | **22,102** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 25% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €2.292 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. €1.146 milliún an cion iomlán a coiglíodh i gcaiteachas riaracháin. Na nithe seo a leanas a bhí mar chúis le hiarmhéid na difríochta den chuid is mó:

**B.5 Seirbhísí comhairleoireachta agus eile**

*Soláthar meastacháin: €275,000; toradh: €138,000*

Tharla an coigilteas €137,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall gur lú ná mar a ceapadh an costas ar chomhairle dhlíthiúil a fuair lucht acmhainní daonna na státseirbhíse, chomh maith le caiteachas seirbhíse poiblí ar chomhairleoireacht ar fud ár n-aonad gnó i gClár B.

**B.6 Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí**

*Soláthar meastacháin: €900,000; toradh: €746,000*

Tharla an coigilteas €154,000 de chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nár tharraing comhlachtaí anuas na cistí a bronnadh orthu.

**B.8 Seirbhís chomhroinnte oifigeach cúnaimh d'fhostaithe**

*Soláthar meastacháin: €1.448 milliún; toradh: €1.32 milliún*

Tharla an coigilteas €128,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall ar choigilteas i bpá na gclár chomh maith le costais laghdaithe taistil, a tharla, den chuid is mó, toisc nach raibh oifigigh chúnaimh d'fhostaithe in ann bualadh go fisiciúil le cliaint ar fud an Stáit le linn na paindéime.

**B.10 Clár foghlama agus forbartha don státseirbhís**

*Soláthar meastacháin: €860,000; toradh: €457,000*

Tharla an coigilteas €403,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall, den chuid is mó, nár caitheadh buiséad caipitil chun feistiú a dhéanamh ar sheomraí ranga nua toisc nach bhfuarthas áitreabh nua.

**B.11 Tionscadal riaracháin na scéime pinsean seirbhíse poiblí aonair**

*Soláthar meastacháin: €200,000; toradh: €34,000*

Tharla an coigilteas €166,000 sa chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin i ngeall, den chuid is mó, ar mhoill, a tháinig as paindéim Covid-19, ar obair deartha agus forbartha a bhí beartaithe do chóras lárnach TFC amach anseo chun tacú le riarachán na Scéime Pinsean Aonair ar fud na seirbhíse poiblí.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Cláir AE | 720 | 1,109 | 1,075 |
| 2 | Farasbairr i sreabhadh airgid pinsin | 130 | 170 | 483 |
| 3 | Ilghnéitheach | 65 | 95 | 74 |
| 4 | Fáltais ó asbhaintí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,360 | 1,578 | 1,430 |
| | **Iomlán** | **2,275** | **2,952** | **3,062** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €677,000 níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**1 Cláir AE**

*Soláthar meastacháin: €720,000; réadaithe: €1.109 milliún*

Tharla an méadú €389,000 i ngeall ar an deacracht meastachán a dhéanamh ar uainiú agus méid na n-aisíocaíochtaí a bhain le cláir AE.

**4 Fáltais ó asbhaintí breise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastacháin: €1.36 milliún; réadaithe: €1.578 milliún*

Tharla an méadú €218,000 i ngeall, den chuid is mó, ar uainiú na n-íocaíochtaí a rinne comhlachtaí faoina coimirce sa mhéid gur íocadh in 2021 na híocaíochtaí a bhí dlite in 2020.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | — | — |
| Géilleadh deonach thuarastail na n-airí | 37 | 28 |
| Fáltas AE – Tionscadal Sonraí Oscailte | — | 95 |
| Fáltas AE – Tionscadal Bóthair | — | 36 |
| Fáltas AE – Tionscadal TII Atlantach | — | 254 |
| Fáltas AE – Aisíocaíocht Interreg | 7 | — |
| Fáltais Ilghnéitheacha | — | 3 |
| Deontais nuálaíochta seirbhíse poiblí don bhliain 2020 a tugadh ar ais | — | 44 |
| Méid a aistríodh chuig an Státchiste | (44) | (460) |

| | | |
|---|---|---|
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **362** | **377** |

### 5.2 Pá

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 24,447 | 24,175 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 272 | 241 |
| Liúntais eile | 9 | 23 |
| Ragobair | 36 | 26 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,984 | 1,889 |
| **Pá iomlán**[a] | **26,748** | **26,354** |

Nóta [a] Tá an figiúr don phá iomlán dáilte thar fhotheidil A.1, A.4, B.1 agus B.8.

Ní dhéanann an Roinn maoiniú díreach ar chostais aon cheann de na comhlachtaí atá faoina coimirce.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 35 | 6 | 39,157 | 33,016 |
| Liúntais eile | 2 | — | 9,293 | 13,590 |
| Ragobair | 10 | 1 | 32,258 | 7,306 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3 | 3 | 42,426 | 14,915 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €220,626 (2020: €291,417) maidir le triúr oifigeach (2020: ceathrar oifigeach) a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 uile nó cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe an Chláir um Iomaíochas agus Obair – 1% - de chuid Chumann na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus Poiblí, fuair 43 oifigeach (2020: 46) €109,214 san iomlán (2020: €110,137) i leith liúntais an Chláir/liúntais sinsearachta.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 35 | 145,797 | 75,535 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 8 | 28,764 | 7,172 |

D’aistrigh duine amháin ag a bhfuil plean aisghabhála dar luach €240 i bhfeidhm chuig roinn eile le linn na bliana.

## 5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí – Leibhéal I, agus olltuarastal bliantúil €213,859 aige (ba é €211,742 an tuarastal ag an 31 Nollaig 2020).

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheaptha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Bord Eadrána na Státseirbhíse [a] | 1950/51 | 21 | 17 |
| An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil [b] | 1984 | 44 | 50 |
| | | **65** | **67** |

Nóta

[a] Soláthraíonn Bord Eadrána na Seirbhíse Poiblí bealach atá inghlactha don Stát agus dá fhostaithe araon chun déileáil le héilimh agus le tograí a bhaineann le coinníollacha seirbhíse státseirbhíseach agus chun an comhoibriú is fearr a dhaingniú idir an Stát, mar fhostóir, agus státseirbhísigh, mar fhostaithe, ionas gur fearr a chomhlíonfar gnó poiblí.

[b] Bunaíodh an Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil i 1984. Is é feidhm an Choiste iarrthóirí a mholadh d'Airí agus don Rialtas le haghaidh na bpost is sinsearaí sa státseirbhís – ar leibhéal Rúnaí Chúnta agus níos airde. Tríd an bhfeidhm sin a chomhlíonadh ar bhealach neamhspleách agus trína chuid cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhiúntas coibhneasta na n-iarrthóirí do na poist lena mbaineann agus air sin amháin, bíonn sé mar aidhm ag an gCoiste struchtúr bainistíochta na státseirbhíse a neartú agus modh a sholáthar trínar féidir leis na hiarrthóirí is fearr féachaint lena lánacmhainn a bhaint amach.

## 6.2 Maoiniú AE

Cuimsíonn an toradh atá i bhFotheidil A.4, A.5 agus A.6 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag AE. Seo a leanas na meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhír:

| Tuairisc | 2021 Meastachán | 2021 Toradh | 2020 Toradh |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| A.4 Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 1,096 | 732 | 726 |
| A.5 Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i-gcabhair) | 670 | 669 | 650 |
| A.6 Comhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas | 1,245 | 1,228 | 1,120 |
| | **3,011** | **2,629** | **2,496** |

### 6.3 Costais Eadrána agus idir-réitigh

Cuimsítear i gcaiteachas 2021 íocaíochtaí dar suim €460,000 (2020: €nialas) a rinneadh do sholáthraí chun costais a chlúdach mar thoradh ar imeachtaí eadrána a bhí ar siúl.

Bhí cás amháin ann in 2021 (2020: ní raibh aon chás ar bith ann). Íocadh €370,000 mar tháillí agus mar ús, agus íocadh €90,000 mar chuid den chostas eadrána.

## Nóta 7 An Ciste Teagmhais

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 1,200 | 1,200 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | — |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | **1,200** | **1,200** |

Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a bunaíodh i 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun íocaíocht a éascú i ndáil le caiteachas práinneach nó caiteachas gan choinne nach bhfuil cumhdaithe ag na gnáth-Vótaí, agus a bhféadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil ina leith cead láithreach a lorg ó Dháil Éireann lena aghaidh, e.g., le linn sosa.

Leagtar na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an chiste amach sna *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* (Rannáin C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú gach cúig bliana ar mhéid an chiste. I ndiaidh athbhreithniú in 2020, rinneadh an cinneadh gur cheart an Ciste a choinneáil ag a leibhéal reatha.

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí agus na cistí faoi choimirce na Roinne ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta ar ar cuireadh i láthair an Oireachtas iad.

| Comhlacht/ ciste na Rinne | An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta ar a bhfuair an tAire/an Roinn iad | An dáta ar ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad |
|---|---|---|---|---|
| An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta | 2020 | An 29 Meitheamh 2021 | An 16 Iúil 2021 | An 9 Lúnasa 2021 |
| An Foras Riaracháin | 2020 | An 23 Samhain 2021 | An 17 Eanáir 2022 | An 18 Eanáir 2022 |
| Ciste Oideachais na hÉireann-na Stát Aontaithe | 2020 | An 17 Samhain 2021 | An 17 Samhain 2021 | An 25 Samhain 2021 |
| Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta | 2020 | An 31 Lúnasa 2021 | An 16 Samhain 2021 | An 24 Samhain 2021 |
| Comhlacht na gClár Speisialta AE | 2020 | An 8 Deireadh Fómhair 2021 | An 3 Samhain 2021 | An 9 Nollaig 2021 |
| An Cuntas Maoine Stáit Taiscí Ilghnéitheacha | 2020 | An 18 Samhain 2021 | An 18 Samhain 2021 | An 25 Samhain 2021 |
| An ciste cosanta taistealaithe | 2020 | An 18 Samhain 2021 | An 18 Samhain 2021 | An 25 Samhain 2021 |